

Topaic 4

[04\\_01.mp3](#)

**Bileog 4.1**

**Foinse:** RnaGClár: Fógraí/Glór Anoir

**Dáta:** 18 Bealtaine 2009

**Intreoir:** Fógra faoin *Clarion Hotel*

Seo deis iontach do bheirt – deireadh seachtaine saoire a bhuachan in óstán 4 réalt an *Clarion Hotel* i gCathair Chorcaí. Tá an t-óstán galánta seo suite ar bhruach na Laoi, dhá nóiméad siúil ó na ceantair mhóra shiamsaíochta agus siopadóireachta i gCathair Chorcaí. Cuirfear bricfeasta blasta ar fáil do na buaiteoirí ar an dá mhaidin san óstán chomh maith. Déan gáire i dtigh tábhairne bríomhar an óstáin, nó bí scafánta san ionad aclaíochta nó lig do scíth i spá na sláinte agus an tsó (*na só* a deirtear). Sárchathair, óstán breá, saoire iontach, saor in aisce. Le saoire dhá oíche agus bricfeasta a bhuachan in óstán an *Clarion* i gCathair Chorcaí freagair an cheist seo a leanas:

Cé a bhuaigh cluichí ceannais na hÉireann sa pheil agus san iomáint sa bhliain 1990 – Corcaigh nó Doire?

Seol do fhreagra, chomh maith le d'ainm, chuig 51553. Fógrófar buaiteoir an chomórtais ag deireadh an chláir inniu.



Topaic 4

[04\\_03.mp3](#)

**Bileog 4.3**

**Foinse:** RnaG

**Clár:** Glór Anoir

**Dáta:** 18 Bealtaine 2009

**Intreoir:** Tá Tomás Seoighe ag déanamh léirmheasa ar an scannán *Star Trek*.

**Cormac Ó hEadhra**

Tomás Seoighe, fáilte romhat, a Thomáis.

**Tomás Seoighe**

Go raibh maith agat.

**Cormac Ó hEadhra**

Chonaic tú *Star Trek* díreach ansin, an bhfuil aon chuma air?

**Tomás Seoighe**

Tá sé an-mhaith anois i ndáiríre, seo an t-aonú ceann déag den tsraith scannán a bhaineann le *Star Trek*, an scéal a thosaigh fadó leis an tsraith teilifíse le William Shatner agus Leonard Nimoy. Ach, seo cineál *prequel* a thugann siad air, an scéal roimh an scéal a chonaic muid cheana mar a déarfá, agus muid ag plé leis an óige a bhí ag Captain James Kirk agus ag Spock agus iad ag dul tríd na déaga suas go dtí an pointe, áit a dtéann siad isteach leis an *USS Enterprise* le *Star Fleet*.

**Cormac Ó hEadhra**

Tá sé cineál neamhghnáthach gur *prequel* atá ann, mar a deir tú, nach bhfuil?

**Tomás Seoighe**

Sin an rud, scaití, déantar é seo agus go hiondúil déantar é seo nuair atá cineál sraith mhór (*mór* a deirtear) scannán den scéal céanna déanta. Tharla sé le *Batman* abair, bhí trí nó ceithre cinn de scannáin ann i ndiaidh a chéile, agus ansin chuaigh siad ar ais arís go dtí an tús agus is dóigh, is cineál cleas litríochta freisin a bhíonn ann, feictear scaití sna húrscéalta. Ach is minic a bhíonn na scannáin seo i bhfad níos suimiúla agus i bhfad níos spleodraí ná na scannáin a bhí ann roimhe, a tharla ina ndiaidh. Má thuigeann tú leat mé?

**Cormac Ó hEadhra**

Cén fáth a ndéireann tú é seo?

**Tomás Seoighe**

Mar ceapaim gur cineál rud nádúrtha é ag an duine, ná ag iarraidh a fháil amach cé as ar tháinig duine éicint nó cén fáth a bhfuil duine ag déanamh an rud atá siad ag déanamh sa saol agus tá sé sin fíor le carachtair freisin, agus bíonn an-suim againn i ndaoine. Go

## Topaic 4

minic an chéad cheist a chuirtear ar dhuine ná ‘cé as thú?’, ‘cé leis thú?’, an cineál stuif sin ar fad.

**Cormac Ó hEadhra**

Is ea.

**Tomás Seoighe**

*So*, tá an cineál suim nádúrtha sin ionainn cheapfainn agus is amhlaidh atá sé do na scannáin freisin, *so* na *prequels* seo, na réamhscéalta abair, bíonn siad an-suimiúil do dhaoine agus feictear cé as ar tháinig na carachtair agus go háirithe le *Star Trek* tá aithne againn uilig...B’fhéidir nach muidne na daoine is mó a bhíonn ag breathnú ar an tsraith nó ar na scannáin ach tá a fhios againn uilig na carachtair mhóra (*carachtairí móra* a deirtear) a bhaineann leis – *Spock* agus...

**Cormac Ó hEadhra**

*Yeah*, ar chúis amháin nó ar chúis eile agus cé atá...? Cé na haisteoirí atá sna páirteanna sin anois?

**Tomás Seoighe**

Ní aisteoirí mór le rá anois i ndáiríre, fear atá ag déanamh páirt James Kirk ná Chris Pine, leaid nach bhfuil an t-uafás déanta aige, níor aithin mise a ainm ó chianaibh. Zachary Quinto atá ag déanamh Spock.

